# FÓGRA LÁITHREÁIN

**AN tACHT UM PLEANÁIL AGUS FORBAIRT, 2000 (ARNA LEASÚ)**

**Na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt, 2001 (arna leasú) - Cuid 8**

**Iarratasóir:** Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Rannóg an Phríomhfheidhmeannaigh

**Suíomh:** Teach an Ardmhéara, Sráid Dásain, Baile Átha Cliath 2.

**Togra:** De bhun na riachtanas a bhaineann leis an méid thuasluaite, tugtar fógra leis seo i dtaca le hOibreacha Rochtana Oiriúnaithe do Chách i dTeach an Ardmhéara, Struchtúr Cosanta agus Séadchomhartha Taifeadta, lonnaithe sa Zón Cumais Seandálaíochta agus sa Limistéar Caomhantais Ailtireachta Cheantar Miondíola Dheisceart na Cathrach. Beidh na gnéithe seo a leanas i gceist leis na hoibreacha a bheartaítear:

Bealach isteach seachtrach nua sa Halla Isteach a roinntear idir an Seomra Darach & an Seomra Cruinn agus gheofar réidh leis na céimeanna nua-aimseartha atá ann anois chomh maith leis an mbealach isteach ardaithe atá ann anois ó Shráid Dásain chuig Halla Isteach an tSeomra Dharach & an tSeomra Chruinn, atá lonnaithe idir Teach an Ardmhéara agus Gairdín an Ardmhéara. Cuirfear bealach isteach nua in áit an tseanbhealaigh isteach ardaithe, a bhfuil fána a théann síos go réidh ann chuig urlár leibhéil a haon nua faoin gceann atá ann anois. Baint na ráillí agus an bhalla aershloic atá ann anois ar an gcuid thuaidh de Theach an Ardmhéara. Cóiriú na ráillí nua-aimseartha idir an bealach isteach agus Gairdín an Ardmhéara. Soláthar an staighre sheachtraigh nua ón áit suí taobh amuigh sa Seomra Suipéir síos chuig Gairdín an Ardmhéara, ag tuirlingt i gcúinne thoir theas an ghairdín atá ann anois. Soláthar balcóin 'Juliet' nua taobh leis na doirse dúbailte seachtracha atá ann anois a osclaíonn Parlús Bhean Chéile an Mhéara ag an ingearchló (taobh) Thuaidh ar an mBunurlár i dTeach an Ardmhéara. Cóiriú logánta ar an bpábháil nua-aimseartha i gcúinne thoir thuaidh na réamhchúirte chuig Teach an Ardmhéara.

Athruithe ar Halla Isteach an tSeomra Dharach & an tSeomra Chruinn le bealach isteach nua don phobal urlár amháin faoin urlár atá ann anois. Baineann athrú ar spás an Halla Isteach reatha ó airde aon stóir chuig airde nua dhá stóir leis an obair seo (cuid de). Clúdóidh an Forhalla cuid den íoslach thíos faoi atá ann anois, stór íochtarach nua mar chuid den phríomhingearchló tosaigh. Beidh an príomhdhoras nua atá beartaithe, chuig an bhForhalla sa chuid íochtarach nua den ingearchló, agus beifear ábalta rochtain a fháil air ón mbealach isteach nua atá beartaithe. Díon nua beartaithe ar an suíomh atá ann anois, solas amháin beartaithe ar an díon le cur in áit trí sholas atá ar an díon anois. Soláthar an ardaitheora phaisinéirí inmheánaigh nua agus staighre idir an bunurlár íochtarach nua agus an bunurlár uachtarach atá ann anois. Painéaladh balla, síleálacha agus urláir nua mar chuid den athrú ar an maisiúchán intí. Athlonnú na ndoirse dúbailte atá ann anois idir Seomra Darach Theach an Ardmhéara agus an Forhalla Nua feadh an bhalla chéanna. Cóiriú ar an doras idir an Seomra Suipéir agus an Forhalla Nua.

Soláthar ardaitheora paisinéirí nua laistigh de Theach an Ardmhéara. Beidh sloc ardaitheora nua agus caighean ardaitheora i gceist leis na hoibreacha chun freastal ar bhunurlár íochtarach, ar bhunurlár uachtarach agus ar an gcéad urlár de Theach an Ardmhéara. Ísliú na fuinneoige reatha ar an mbunurlár íochtarach, chun doras isteach inrochtana nua a sholáthar ar an mbunurlár íochtarach feadh an bhalla thuaidh de Theach an Ardmhéara. Beifear ábalta dul isteach an doras nua seo ar an mbealach isteach nua a bhfuil fána ann. Athrú ar leagan amach na seomraí ar an mbunurlár íochtarach chun bealach cúrsaíochta a chur ar fáil chuig an ardaitheoir. Athrú ar an mballa taobh istigh ar an mbunurlár uachtarach chun bearna dorais a chur ar fáil go dtí an t-ardaitheoir. Soláthar bearna dorais nua sa bhalla taobh amuigh ar an gCéad Urlár ar chúl Theach an Ardmhéara chun rochtain a fháil ar an ardaitheoir. Soláthar an dara bearna dorais feadh an bhalla chéanna ar na gCéad Urlár chun bealach amach a chruthú ar an suíomh seo.

Scáileán agus Gléasra Aeráil Mheicniúil a chur leis an díon cothrom ar chúl Sheomra an tSuipéir agus na hoibreacha láithreáin eile go léir a bhaineann leis.

Féadfar Pleananna agus Mionsonraí na forbartha atá molta a iniúchadh, nó a cheannach ar tháille nach mó ná an costas réasúnach a bhaineann le cóip a dhéanamh ar feadh tréimhse **4 seachtaine ón Dé Luain** 12.02.2024 le linn uaireanta oscailte poiblí ag oifigí Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, An Cuntar Poiblí, an Roinn Pleanála agus Forbartha Maoine, Bloc 4, Urlár na Talún, Oifigí na Cathrach, an Ché Adhmaid, Baile Átha Cliath 8, Luan - Aoine 9.00r.n. go 4.30i.n. **Is féidir na pleananna agus mionsonraí a fheiceáil ar líne freisin ar Citizen Space: https://consultation.dublincity.ie.**

Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, tá sé socraithe ag an Údarás Áitiúil nach dócha go mbeidh tionchar suntasach ag an bhforbairt atá molta ar an gcomhshaol, agus mar sin, níl gá le Measúnacht Tionchair Timpeallachta.

Is féidir aighneacht nó tuairim maidir leis an bhforbairt mholta, a bhaineann le pleanáil cheart agus forbairt inbhuanaithe an cheantair ina mbeadh an fhorbairt suite, a dhéanamh i scríbhinn leis an m**Bainisteoir Feidhmiúcháin, an Rannóg Pleanála agus Forbartha Réadmhaoine, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Oifigí na Cathrach, an Ché Adhmaid, Baile Átha Cliath 8, roimh 4.30i.n Dé Máirt 26.03.2024.**
Is féidir aighneachtaí nó tuairimí a chur isteach ar líne freisin ar Citizen Space: https://consultation.dublincity.ie roimh 23.59 uair a chloig ar 26/03/2024.

# SITE NOTICE

**Planning and Development Act 2000 (as amended)**

**Planning and Development Regulations 2001 (as amended) - Part 8**

**Applicant:** Dublin City Council, Chief Executive's Department

**Location:** The Mansion House, Dawson Street, Dublin 2.

**Proposal:** Pursuant to the requirements of the above, notice is hereby given of Universal Access Works to the Mansion House, a Protected Structure and a Recorded Monument, situated in a Zone of Archaeological Potential and in the South City Retail Quarter Architectural Conservation Area. The proposed works consist of the following:

New external approach route to the Oak Room & Round Room shared Entrance Vestibule, to include the removal of existing modern steps and existing raised approach route from Dawson Street to the Entrance Vestibule of the Oak Room & Round Room, located between the Mansion House and the Lord Mayor's Garden. The existing raised approach route will be replaced by a new gently downwards sloping approach route, to a new level one storey below the existing. Removal of existing railings and light well wall to northern side of the Mansion House. Adjustment of modern railings between the approach route and the Lord Mayor's Garden. Provision of new external stairs leading from terrace of Supper Room down to the Lord Mayor's Garden, landing at the southeast corner of the existing garden. Provision of a new Juliet Balcony to existing external double doors to the Lady Mayoress's Parlour at the North elevation at Ground Floor level of the Mansion House. Localised adjustment to modern paving at northeast corner of forecourt to Mansion House.

Alterations to existing Oak Room & Round Room Entrance Vestibule to include new public entrance one storey below existing. This work includes the adaption of the existing Entrance Vestibule space from single storey to new double height (in part) Entrance Foyer encompassing a section of the existing basement beneath, new lower storey addition to its main front elevation. The new lower part of the elevation will contain the proposed new main entrance to the Foyer accessed from the proposed new approach route. Proposed new roof at existing location, proposed new single roof light to replace existing three roof lights. Provision of new internal passenger lift and staircase between the new lower ground floor level and existing upper ground floor level. Alteration to the interior expression to include new wall panelling, ceilings and floors. Relocation of existing double doors between Oak Room of Mansion House and New Entrance Foyer along same wall. Adjustment of door set between the Supper Room and New Entrance Foyer.

Provision of a new passenger lift within The Mansion House. The works will include a new lift shaft and lift car to serve lower ground, upper ground and first floors of the Mansion House. Lowering of existing window at lower ground floor, to provide new accessible entrance door at lower ground floor level along the northern wall of The Mansion House. This new entrance door will be accessed directly off new sloped approach route. Alteration to room layouts at lower ground floor to provide circulation route to lift. Alteration to internal wall at upper ground floor to provide door opening into lift. Provision new door opening in First Floor external wall to rear of Mansion House to accommodate access to lift. Provision of a second new door opening along same wall at First Floor to allow egress at this location.

Addition of new Mechanical Ventilation Plant and Screen to flat roof at rear of Supper Room and all other associated site works.

Plans and Particulars of the proposed development may be inspected or purchased at a fee not exceeding the reasonable cost of making a copy for a period of **4 weeks from Monday 12.02.2024** during public opening hours at the offices of Dublin City Council, Public Counter, Planning and Property Development Department, Block 4, Ground Floor, Civic Offices, Wood Quay, Dublin 8, Monday - Friday 9.00am to 4.30pm. **Plans and particulars are also available to view online on Citizen Space at: https://consultation.dublincity.ie**

The Local Authority has concluded following a preliminary examination that there is no real likelihood of the proposed development having significant effects on the environment and therefore an EIA is not required.

A submission or observation in relation to the proposed development, dealing with the proper planning and sustainable development of the area in which the development would be situated, may be made, in writing, to the **Executive Manager, Planning and Property Development Department, Dublin City Council, Civic Offices, Wood Quay, Dublin 8, before 4.30pm on Tuesday 26.03.2024.**
Submissions or observations may also be made online on Citizen Space at: https://consultation.dublincity.ie before 23.59hrs on 26/03/2024.